Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**8684/26**

**LIMITE**

**CORLX 402**
**CFSP/PESC 599**
**MAMA 106**
**COARM 59**
**FIN 602**

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh 2013/255/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria |

**CINNEADH (CBES) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh 2013/255/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Bealtaine 2013, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2013/255/CBES[1].

(2) An 27 Bealtaine 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2025/1096[2] lena gcuirtear síneadh leis na bearta sriantacha a leagtar amach i gCinneadh 2013/255/CBES go dtí an 1 Meitheamh 2026. Leis an gCinneadh sin, cuireadh deireadh freisin leis na smachtbhannaí eacnamaíocha uile ar an tSiria agus é mar aidhm aige tacú le haistriú polaitiúil cuimsitheach na Siria, chomh maith lena téarnamh eacnamaíoch, lena hatógáil agus lena cobhsú tapa, i gcomhréir le cur chuige céimnitheach inchúlaithe. Mar sin féin, choinnigh an Chomhairle bearta sriantacha a bhaineann le réimeas al-Assad i gcomhréir lena hiarraidh ar chuntasacht chomh maith le bearta sriantacha bunaithe ar fhorais slándála. I gcomhthráth leis sin, thug an Chomhairle isteach bearta sriantacha breise i gcoinne sáraitheoirí chearta an duine agus ina gcoinne siúd a chuireann leis an éagobhsaíocht sa tSiria.

(3) Sna conclúidí uaithi an 23 Meitheamh 2025, leag an Chomhairle béim ar ghealltanas an Aontais tacú le haistriú síochánta cuimsitheach faoi stiúir na Siria agus faoi úinéireacht na Siria, ina gcaithfí cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh do chách, gan idirdhealú d'aon chineál. D'athdhearbhaigh an Chomhairle go dtacaíonn an tAontas go láidir leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag an tSiria agus go hidirnáisiúnta cuntasacht a bhaint amach i leith na n-ainghníomhartha uile a rinne réimeas al-Assad agus chuir sí i dtreis a riachtanaí atá próiseas uileghabhálach cuimsitheach ceartais idirthréimhsigh chun go mbeidh athmhuintearas agus síocháin mharthanach ann.

---

1 Cinneadh 2013/255/CBES ón gComhairle an 31 Bealtaine 2013 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria (IO L 147, 1.6.2013, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2013/255/oj).

2 Cinneadh (CBES) 2025/1096 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2025 lena leasaítear Cinneadh 2013/255/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria (IO L, 2025/1096, 28.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1096/oj).

(4) In ainneoin gur thit réimeas al-Assad agus gur bunaíodh údaráis idirthréimhseacha, tá an staid sa tSiria fós éagobhsaí agus níor tugadh chun cuntais fós líonra al-Assad ná ní féidir a mheas go bhfuil deireadh leis, líonra atá leitheadach laistigh agus lasmuigh den tSiria. Cé go bhfuil dul chun cinn déanta sa phróiseas aistrithe, lena n-áirítear seoladh na chéad trialach poiblí i gcoinne al-Assad agus a chomhpháirtithe, is próiseas fadtéarmach é ceartas agus cuntasacht a áirithiú as na coireanna a rinne réimeas al-Assad a bhaineann le mianta mhuintir na Siria aistriú polaitiúil cuimsitheach a dhéanamh sa tír. Níor baineadh amach fós na príomh-gharspriocanna a cuireadh i dtábhacht i Rún 2254 (2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear Comhthionól Pobail feidhmiúil a bhunú agus bunreacht nua a dhréachtú lena gcuirfí an tSiria ar chonair an tsaortha go buan.

(5) Tá baol inchreidte díchobhsaithe fós ann agus d’fhéadfadh sé go dtiocfadh borradh arís faoi thionchar iar-réimeas al-Assad, mar a léirítear le teagmhais a thacaíonn le réimeas al-Assad arb é is aidhm dóibh an bonn a bhaint den phróiseas idirthréimhseach as ar eascair foréigean marfach i réigiúin chósta na Siria agus níos faide i gcéin. Tá róil chumhachtacha fós ag na daoine aonair agus na heintitis liostaithe a bhfuil baint acu le réimeas al-Assad, agus tá baol ann go dtacóidh siad le tuilleadh coinbhleachta armtha, trí mhaoiniú nó trí mhodhanna eile, agus seans go nglacfaidh siad páirt in iarrachtaí chun an t-aistriú a aisiompú. Sa ráiteas uaithi an 11 Márta 2025 thar ceann an Aontais, chuir Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála in iúl gur cúis mhór imní di an foréigean forleathan i réigiún cósta na Siria, agus cháin sí go láidir na hionsaithe a rinne na mílístí ar son Assad ar fhórsaí slándála agus na coireanna uafásacha a rinneadh i gcoinne sibhialtach, lena n-áirítear básuithe achoimre, agus dúirt sí go neamhbhalbh i ndáil leis an méid sin nach mór bearta éifeachtacha a dhéanamh le nach ndéanfaí a leithéid de choireanna arís.

PUBLIC

(6) Tá baill theaghlaigh al-Assad agus Makhlouf agus daoine aonair comhlachaithe fós le tabhairt chun cuntais as a rannpháirtíocht sa bhrú faoi chois brúidiúil ar an bpobal sibhialta sa tSiria, agus tá baol ann go ndéanfaidh siad iarracht an choinbhleacht a ghéarú, deighiltí seicteacha a dhoimhniú, foréigean seicteach a ghríosú agus bac a chur ar an aistriú síochánta agus ar an athmhuintearas náisiúnta sa tSiria.

PUBLIC

(7) Measfar go bhfuil Airí Rialtas na Siria a bhí i gcumhacht tar éis mhí na Bealtaine 2011 faoi iar-réimeas al-Assad freagrach, go comhpháirteach agus go leithleach, as an mbeartas cos ar bolg a bhíodh á shaothrú ag iar-réimeas al-Assad, agus is baol fós é go gcuirfidh siad as don aistriú síochánta sa tSiria.

(8) Is riosca iad na mílístí, na grúpaí armtha, na fórsaí slándála agus na comhlachtaí faisnéise a bhfuil baint acu le hiar-réimeas al-Assad agus atá dílis don iar-réimeas mar go bhfuil baol ann go mbeidh tuilleadh teannais ann, go gcuirfidh siad an pobal sibhialta sa tSiria faoi chos a thuilleadh, agus go gcuirfidh siad as don aistriú síochánta agus don athmhuintearas náisiúnta sa tSiria.

(9) Tá níos mó ná 100 láthair arm ceimiceach amhrasta fós sa tSiria tar éis threascairt réimeas al-Assad, líon atá i bhfad níos mó ná mar a aithníodh riamh roimh threascairt réimeas al-Assad. Is tosaíocht i gcónaí é stoc-chairn arm ceimiceach na Siria atá fágtha a scriosadh chun cosaint mhuintir na Siria a áirithiú, mar a leagtar amach sna conclúidí ón gComhairle Eorpach an 19 Nollaig 2024.

(10) Tá tionchar i gcónaí ag na mórphearsana gnó atá ag feidhmiú sa tSiria agus a bhfuil nasc acu le hiar-réimeas al-Assad agus a bhfuil saibhreas suntasach agus cumhacht shuntasach acu mar gheall ar an nasc sin, agus tá a líonraí fós i bhfeidhm. Dá bhrí sin, tá baol bunúsach ann go gcuirfidh na daoine aonair sin an tsochaí shibhialta agus an t-aistriú síochánta sa tSiria faoi chois de láimh láidir. Cé go n-aithníonn an Chomhairle an dul chun cinn atá déanta ag Údaráis Idirthréimhseacha na Siria, tá na hinstitiúidí stáit fós ar chonair an chomhdhlúthaithe, agus níor tugadh aghaidh go hiomlán fós ar an mbaol go mbainfidh mórphearsanra gnó a bhfuil baint acu le hiar-réimeas al-Assad an bonn den phróiseas sin. I bhfianaise phróiseas leanúnach an cheartais idirthréimhsigh, ba cheart don Chomhairle a cur chuige faichilleach a choinneáil, lena n-áiritheofar tacaíocht leanúnach d'aistriú cuimsitheach lena gcomhlíonfar mianta dlisteanacha mhuintir na Siria.

(11) Ar bhonn athbhreithniú ar Chinneadh 2013/255/CBES, ba cheart síneadh a chur leis na bearta sriantacha a leagtar amach ann go dtí an 1 Meitheamh 2027.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2013/255/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh 2013/255/CBES mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 27 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

‘2. I gcomhréir leis na measúnuithe agus leis na cinntí arna ndéanamh ag an gComhairle i gcomhthéacs na staide sa tSiria mar a leagadh amach in aithrisí 5 go 12 de Chinneadh (CBES) 2015/1836 ón gComhairle* agus in aithrisí 4 go 10 de Chinneadh (CBES) 2026/… ón gComhairle**+, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá freisin chun cosc a chur ar na daoine seo a leanas teacht isteach ina gcríocha, nó idirthuras a dhéanamh trína gcríocha:

---

* Cinneadh (CBES) 2015/1836 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2015 lena leasaítear Cinneadh 2013/255/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na Siria (IO L 266, 13.10.2015, lch. 75, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2015/1836/oj).

** Cinneadh (CBES) 2026/… ón gComhairle an … lena leasaítear Cinneadh 2013/255/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria (IO L, …, ELI: …).’;

---

\+ IO: cuir isteach, le do thoil, uimhir an Chinnidh seo agus líon isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Chinnidh seo san fhonóta.

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Ní dhéanfar na daoine i gceann de na catagóirí dá dtagraítear i mír 2 a áireamh ná a choinneáil ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas in Iarscríbhinn I má tá faisnéis leordhóthanach ann nach bhfuil baint acu le hiar-réimeas al-Assad, nó nach bhfuil baint acu leis a thuilleadh, nó nach bhfuil tionchar acu air nó nach bhfuil fíorbhaol ann ina leith go rachaidh siad timpeall ar na bearta.';

PUBLIC

(2) leasaítear Airteagal 28 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

'2. I gcomhréir leis na measúnuithe agus leis na cinntí arna ndéanamh ag an gComhairle i gcomhthéacs na staide sa tSiria mar a leagadh amach in aithrisí 5 go 12 de Chinneadh (CBES) 2015/1836 agus in aithrisí 4 go 10 de Chinneadh (CBES) 2026/…[+], na cistí agus na hacmhainní eacnamaíocha go léir ar leis na daoine seo a leanas iad, nó atá faoina n-úinéireacht, ina seilbh nó faoina rialú:';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Ní dhéanfar na daoine, na heintitis nó na comhlachtaí i gceann de na catagóirí dá dtagraítear i mír 2 a áireamh ná a choinneáil ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas in Iarscríbhinn I má tá faisnéis leordhóthanach ann nach bhfuil baint acu le hiar-réimeas al-Assad, nó nach bhfuil baint acu leis a thuilleadh, nó nach bhfuil tionchar acu air nó nach bhfuil fíorbhaol ann ina leith go rachaidh siad timpeall ar na bearta.';

---

[+] IO: cuir isteach, le do thoil, uimhir an Chinnidh seo.

(3) in Airteagal 34(1), cuirtear an dáta ‘an 1 Meitheamh 2027’ in ionad an dáta ‘an 1 Meitheamh 2026’.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC